They explored how children's rights surface in the context of their daily lives in school and in their communities and considered what roles different people, including children and young people themselves, can play in helping to ensure that children's rights are respected and protected.

During the year, the OCO also facilitated children and young people to reflect on different rights that children have under the UN Convention on the Rights of the Child and, through facilitated video workshops, to record messages about children's rights which they regarded as being important. These video messages are being edited to create a number of short films, which will be available to view on the OCO's website and YouTube channel, occoireland.com. Over 500 children and young people between 7 and 16 years of age participated in this project and a selection of the viewpoints they shared is presented here to illustrate why they consider a wide range of children's rights under the UNCRC to be vital rights for children both in Ireland and around the world.

Rights education seminars for postgraduate students

In line with its statutory obligations under Section 7 of the 2002 Act, the Office designed and delivered a series of rights education seminars for postgraduate students on a pilot basis in 2012. Taking into account participants' interest in and positive evaluations of the pilot seminars, the Office decided to deliver the programme again in 2013 and to extend the opportunity to participate in it to a larger cohort of postgraduate students.

Having regard to the Office's engagement through its different statutory functions with a wide range of issues that are relevant to the areas of social work, social care and education, the seminars delivered during 2013 were targeted at students undertaking postgraduate studies in social work or social care as well as students pursuing graduate and postgraduate programmes in education. 150 students from eight third level institutions (NUI Galway, University College Cork, University College Dublin, Trinity College Dublin, Dublin City University, Athlone IT, St Patrick's College and Marino Institute of Education) participated in the programme.

Delivered by OCO staff between October and December 2013, the seminars focused on raising awareness of the Office's statutory mandate, functions and corresponding areas of work; developing participants' understanding of fundamental children's rights principles and their application in the context of professional practice; and encouraging child-centred practice and decision-making, including through a facilitated examination of case studies arising from the Office's investigative work.

As with the 2012 pilot programme, the seminars delivered in 2013 were positively evaluated by participants and the Office plans to implement a similar programme during 2014. Among the benefits of the programme identified by participants in 2013 were:

- *"Gaining an understanding of what the Ombudsman for Children does and how problems are approached and resolved"*

“It made me aware of the different ways one can work on behalf of children, whether it’s directly or indirectly ... It was wonderful to learn about the various support systems available”

- *“relating children’s rights to our role as teachers and to think about how we are responsible for children’s best interests”*

Information campaign for separating parents and their children

“You are not alone. You shouldn’t blame yourself. Don’t ignore the fact that it’s happening. You shouldn’t have to take sides. It’s not your fault and your parents’ love for you hasn’t changed. Talk to someone, it helps.”

Young person who shared their views with the OCO

During 2013, the Office engaged in a unique collaboration with the Courts Service on a joint information campaign targeted at separating parents and their children. The overall aim of the campaign was to raise awareness among separating parents and their children of family law proceedings in the District Courts and possible alternatives to Court, in particular family mediation.

Since its establishment in 2004, one area of concern that is regularly brought to the Office’s attention, including through complaints from parents and occasionally from children themselves, is court proceedings affecting children, including family law proceedings and matters relating to guardianship, custody, access and maintenance. While decisions arising from such proceedings are outside the OCO’s investigative remit, the Office wished to engage constructively with this area. The Office was delighted to embark on this important joint initiative with the Courts Service in accordance with its positive obligations under Section 7 of the 2002 Act to promote awareness among members of the public, including children, of matters relating to children’s rights and welfare and to encourage the development of policies, practices and procedures that promote children’s rights and welfare.

Work by the Office and the Courts Service to develop two information films for separating parents and their children was informed by consultations with a wide range of professionals with extensive experience of working with parents and children in these circumstances. Although direct engagement with parents and young people with previous experience of parental separation proved challenging, the Office did consult with and learn from the perspectives of several parents with the assistance of several support services and via face-to-face meetings as well as a self-completion questionnaire. Through an online questionnaire, with assistance from SpunOut.ie, the Office also heard from young people, and the views they shared were particularly helpful as regards identifying key information and messages to include in the film for young people.

The purpose of the two films produced by the Office and the Courts Service is to inform people with no prior knowledge or experience of family law proceedings or alternatives to court of the options available to them. As such, it is hoped that the films will offer parents and young people respectively some initial orientation at what can be a stressful and uncertain time in their lives. In addition to informing parents and young people directly about these processes and about advice and support services available to them, the films are also envisaged as a resource for professionals – including solicitors, mediators and counsellors – working with separating parents and their children.

Entitled *Separating the Options*, a DVD containing both films was launched by the Ombudsman for Children and the President of the District Court, Her Honour Judge Rosemary Horgan in February 2014. Following the launch, the DVD was disseminated to District Courts throughout the country, where it has been viewed and is being used by Courts Service staff to raise awareness among new litigants of options available to them as regards reaching agreement on matters including custody, guardianship, access and maintenance. The DVD has also been disseminated to professionals providing support services to separating parents and their children. In addition, the films are available to view online, including on the Office's and Courts Service's websites (www.oco.ie and www.courts.ie), where supplementary information about a range of advice and support services available to parents and children is also provided. Activities to raise awareness of the films among parents and young people have included the dissemination of information posters to Citizen Information Centres and public libraries nationwide. Through these and other routes, it is hoped that as many parents and young people as possible in these circumstances will be made aware of and have the opportunity to view the films.

Research on Matters relating to Children's Rights and Welfare

Education for Children in Care

In May 2013, the Ombudsman for Children published the findings of research commissioned by the Office and undertaken by the ESRI and the Children's Research Centre, Trinity College on education provision for children in care.

The Office commissioned this research in order to strengthen our understanding of the educational experiences of children in care and identify ways in which the Irish education system, in conjunction with health and social services, can best support attendance, participation and attainment in education by children in care.

While noting that children in care can have positive experiences of and outcomes in education when they receive the requisite supports, the ESRI/TCD study underscores that children in care can face significant challenges to pursuing their education, including attitudinal barriers, placement breakdowns, inadequate care planning and review, and shortfalls and delays in assessment. When encountered, these challenges place children in care at higher risk of suspension, exclusion, absenteeism and early school leaving. The adverse consequences for children can be immediate and long-term.

A key finding to emerge from the research, which comprised a literature review, interviews with policy-makers and practitioners and direct engagement with children in care and young care leavers, is the scarcity of data regarding the educational experiences of children in care in Ireland. The deficit is such that it is not possible to generate an adequate profile of attendance, participation and attainment rates in education among children in care or to compare them to the general population of children. This deficit presents a serious impediment to evidence-informed policy-making and needs to be addressed if effective policies, procedures and practices are to be put in place to mitigate the barriers to, and in, education that the literature indicates children in care can face. In addition to putting in place a mechanism to support systematic data collection in this area, the Office is of the view that it would also be worthwhile to conduct longitudinal research focused on enriching understanding of the educational experiences and pathways of children in care. Given the small number of children in care (6,462 as of December 2013) relative to the overall population of children living in Ireland, a study of this kind should be feasible and could benefit future policy-making and practice.

In addition to highlighting the need for data collection and research, the study identifies several areas for action to improve the educational experiences of children in care. They include:

- the development and implementation on an inter-agency basis of a joint action plan focused on strengthening educational opportunities for children in care;
- the preparation of information and training materials that build capacity among carers and professionals to assist children in care with their education;
- the implementation of specific approaches and measures by both education and care professionals that can directly and indirectly support attendance, participation and attainment in education by children in care; and
- the mainstreaming of opportunities for children in care, and their carers, to have their views taken into account in the context of decision-making processes affecting them, including care planning and review processes and on issues concerning children's education.

The Office hopes that the findings and recommendations emerging from this research will assist the Department of Education and Skills and the Child and Family Agency to devise and implement targeted actions on a collaborative basis that are focused on mitigating the barriers to, and in, education encountered by children in care.

Child-Friendly Healthcare

On 20 November 2013 – Universal Children’s Day – the Ombudsman for Children published a report on child-friendly healthcare arising from research commissioned by the Office and undertaken by University College Cork.

The main purpose of this research was to identify how a culture of child-friendly healthcare can be fostered in and across healthcare settings attended by children and young people under 18 years living in Ireland.

With reference to international standards, and in particular the UN Convention on the Rights of the Child and the Council of Europe’s Guidelines on Child-friendly Healthcare, the research underscores that a child-friendly approach to healthcare policy and service provision requires measures not only to progress the realisation of children’s right to healthcare, but also to respect and protect children’s rights in healthcare. Among these rights are core children’s rights principles, namely: the rights of all children not to be discriminated against, to have their best interests treated as a primary consideration in all actions concerning them, and to have their views taken into account in all decisions affecting them. Many other children’s rights under the UNCRC also come into play in the context of children’s healthcare, including their right to enjoy regular contact with their parents unless it is contrary to their best interests, their right to privacy, their right to be protected from all forms of harm, their right to information, their right to education, and their right to rest, play and leisure.


The question of how children’s rights can not only be promoted and protected, but enforced in healthcare settings used by children was also addressed by the research, with reference to initiatives being implemented in other jurisdictions, recent developments in legislation and public policy in Ireland, children’s documented experiences of healthcare services and practices among healthcare professionals.

The research identifies several core ‘building blocks’ for progressing child-friendly healthcare in Ireland:

- the development of a dedicated national policy on child-friendly healthcare;
- setting standards on the rights of children in healthcare settings;
- raising awareness among parents and children and providing training to healthcare professionals on children’s rights in healthcare;
- conducting situational analyses of current practices in Ireland with a view to highlighting and sharing good practices;
- taking a collaborative, coordinated and integrated approach involving leadership at different levels of the healthcare system and within different healthcare settings as well as constructive dialogue involving policy-makers, healthcare professionals, children and their parents/carers; and

- mainstreaming engagement with and respect for children's views as a core value of the Irish healthcare system.

For its part, the Office plans to devise and implement a pilot initiative during 2014 that will build on the findings of this research and focus on identifying, highlighting and promoting good practices in child-friendly healthcare within specific healthcare settings.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ 2013



CLÁR NA nÁBHAR

1 Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí.....	5
2 Forbairt Eagraíochtúil.....	9
3 Gearáin agus Imscrúduithe.....	13
4 Beartas agus Reachtaíocht.....	41
5 Oideachas agus Rannpháirtíocht.....	47

1

TEACHTAIREACHT ÓN OMBUDSMAN DO LEANAÍ



Is cúis áthais dom é mo thuarascáil bhliantúil don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013 a chur faoi bhráid an Oireachtais de bhun Alt 13(7) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

Agus Oifig an Ombudsman do Leanaí deich mbliana ar an bhfód in 2014, tá sé tráthúil súil siar a chaitheamh ar roinnt den dul chun cinn atá déanta sna deich mbliana sin. Ní miste súil a chaitheamh freisin ar na heasnaimh atá fós ann sa dlí, sa bheartas agus sa chleachtas mar a bhaineann le cearta leanaí. Mar Ombudsman, bíim ag plé le feabhas a chur ar chaighdeán an riaracháin phoiblí agus mar Ombudsman

do Leanaí tá ról ar leith agam ní hé amháin athbhreithniú a dhéanamh ach tuairimí a chur in iúl freisin ar an gcaoi a gcaitheann an Stát le leanaí agus ar an tslí a n-urramaíonn an Stát na cearta sin. Tá dualgas reachtúil orm é sin a dhéanamh, agus anuas air sin tá m’Oifig, le deich mbliana anuas, tar éis a lán fianaise a bhailiú trínár bhfeidhm gearán agus imscrúduithe; trí chomhairle a sholáthar maidir le reachtaíocht a théann i bhfeidhm ar leanaí; agus trí chasadh leis na mílte leanbh, teaghlach agus gairmí a oibríonn le leanaí.

Sna deich mbliana ó bunaíodh m’Oifig tharla athruithe suntasacha ar shochaí na hÉireann. Tá dul chun cinn fóna feicthe agama ar an gcaoi a gcaitheann an Stát le leanaí agus le teaghlach. Mar shampla, tá céimeanna suntasacha glactha ag an Stát chun feabhas a chur ar na coinníollacha do leanaí atá faoi choinneáil i bhForas Naomh Pádraig agus ar chúinsí na leanaí dealaithe atá ag lorg tearmainn. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Stát reifreann maidir le cearta leanaí agus bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Le linn mo thréimhse in Oifig tá mé tar éis roinnt mhaith de na fadhbanna céanna a fheiceáil ag teacht chun cinn; droch-chleachtas riaracháin agus teaghlach ag streachailt le leibhéil dhochreidte maorlathais. Ar cheann de na téamaí a thagann chun cinn arís is arís eile tá dolúbthacht an chórais chun freastal ar riachtanais an linbh aonair. Is minic a bhítear ag súil go gcuirfidh leanaí agus teaghlach iad féin in oiriúint don chóras seachas a mhalairt. Anuraidh sular bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, d’ullmhaigh m’Oifig meitea-anailís ar na bunchúiseanna le deacrachtaí na leanaí faoi chúram, ar cúiseanna iad a thagann chun cinn arís is arís eile. Roghnaíodh deich gcás shamplacha a bhí ina léiriú maith ar na cúiseanna imní agus rinneadh moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí

feabhas a chur ar an soláthar seirbhíse. Cuireadh i gcomparáid agus i gcodarsnach na torthaí ó imscrúduithe éagsúla agus ar an gcaoi sin bhíothas in ann béim a leagan ar threochtaí a bheidh ina mbonn maith eolais d'fhorbairtí dlí agus beartais sa réimse seo. Cuireadh an tuarascáil seo agus na moltaí ann faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus faoi bhráid Thithe an Oireachtais, ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag torthaí na tuarascála ar an athchóiriú leanúnach ar sheirbhísí tacaíochta do leanaí agus teaghlaigh in Éirinn, agus ag súil freisin nach mbeidh ar an Oifig seo a bheith ag dul i ngleic a thuilleadh leis na bunchúiseanna athfhillteacha a sainaitníodh sa tuarascáil ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Téama eile a tháinig chun cinn ná an tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta ar na seirbhísí arna soláthar do leanaí agus teaghlaigh. Bhí páirt nach beag ag infhaighteacht acmhainní sna gearáin a rinneadh le m'Oifig i gcoitinne. Ní miste a mheabhrú go bhfuil cúiseanna dlisteanacha imní faoi acmhainní ag comhlachtaí poiblí; ní féidir leo acmhainní a sholáthar nár bronnadh orthu ar an gcéad dul síos. Cibé scéal é, an chúis imní agam ná nach féidir an brú sin ar acmhainní a úsáid mar leithscéal do dhroch-chinnteoireacht. I mo thuairim, tá sé den riachtanas go mbeadh cinnteoireacht níos déine ag tarlú i bhfianaise go bhfuil buiséid ag laghdú. Ciallaíonn sé sin, go háirithe, ó thaobh cearta leanaí de, go gcaithfear iniúchadh a dhéanamh ar conas go díreach a rachaidh scéim nó clár ar leith i bhfeidhm ar leanaí, cibé acu an mbeidh tionchar míréireach aige ar ghrúpaí áirithe nó conas a dhéanfar monatóireacht ar chinntí comhlachtaí poiblí.

Tá dhá phríomhphrionsabal ceart daonna i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh atá in mbunchlocha do chearta leanaí: foráil do leas is fearr an linbh in Airteagal 3 agus meas ar thuairimí an linbh a bhforáiltear dó in Airteagal 12.

Tar éis déileáil le breis is 10,000 gearán ó thuismitheoirí agus tuairimí a chloisteáil ó na mílte leanbh ar fud na tíre, is iad na prionsabail sin i gcónaí maidir le leanaí agus daoine óga atá ina gcónaí in Éirinn a ligtear i ndearmad. Sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar leanaí, ní i gcónaí a chuireann comhlachtaí poiblí leas is fearr an linbh san áireamh; i roinnt cásanna bíonn an chuma air go gcaitear níos mó dua dea-cháil na heagraíochta a choinneáil slán. In imscrúduithe eile a d'fhoilsigh m'Oifig feictear an chaoi a ndeachaigh cinnteoireacht duine amháin i bhfeidhm ar an gcóras agus an chaoi a raibh tionchar mór aige sin ar shaol leanaí agus daoine óga. Is gá do chórais riaracháin a bheith láidir go leor chun freastal ar an saoránach seachas iad a bheith faoi réir cur chuige indibhidiúil a bhféadfadh toradh neamhfhabhrach a bheith aige ar leanbh agus teaghlach.

Ó am go chéile ní mheastar de réir a thábhachta an tionchar fadiarmhartach is féidir le cinntí riaracháin a bheith acu; go deimhin, is féidir leis sin a bheith i bhfad níos forleithne ná cinneadh reachtúil nó breithiúnach sa mhéid go dtéann sé i bhfeidhm ar líon mór leanaí. Cuirim i gcás i réimse an oideachais. Is minic a shainítear i gciocláin rialtas – nach foinsí dlí iad – na coinníollacha faoinar féidir le leanaí agus daoine óga teacht ar na teidlíochtaí agus na tacaí a bhfuil siad ina dteideal. Níl ról ag an Oireachtas i múnlu beartas ar an leibhéal seo agus de ghnáth seachnaíonn na Cúirteanna bheith ag plé le cúrsaí beartais

i bhfianaise na hoibleagáide a bhaineann leis an scaradh cumhachtaí. Mar thoradh air seo, tá sé tábhachtach go mbeadh cinnteoireacht ar an leibhéal seo bunaithe go hiomlán ar chaighdeán na gceart do leanaí. Cé gur minice a dtagraítear do noirm idirnáisiúnta i ndíospóireachtaí reachtúla agus in imeachtaí breithiúnacha, tá sé ríthábhachtach a mheabhú go bhfuil oibleagáidí idirnáisiúnta dlí an Stáit ina n-oibligeáidí ábhartha ar gach leibhéal den Rialtas, lena n-áirítear bearta riaracháin. Tá a lán fós le déanamh ag comhlachtaí poiblí a ndearna m'Oifig imscrúdú orthu chun a chinntiú go mbeidh oibleagáidí dlí an Stáit fite fuaite lena gcuid oibre.

In 2013, tháinig 180 comhlacht poiblí nua faoi mo shainchúram den chéad uair. Dhéileálar le breis is 1500 gearán ó leanaí agus teaghlaigh. Chuireamar i gcrích na chéad ghearáin a fuaireamar faoi leanaí atá faoi choinneáil in bhForas Naomh Pádraig. I bhfianaise go bhfuil gá réiteach tráthúil a fháil ar dheacrachtaí a bhíonn ag leanaí le comhlachtaí poiblí, go hídéalach an toradh is fearr ná go bhfaighfí réiteach ar an gceist ar bhonn áitiúil. Tríd is tríd, tógann imscrúduithe níos mó ama, mar gur minic a bhíonn saincheisteanna casta i gceist.

In 2013, lean m'Oifig ag infheistiú formhór na n-acmhainní atá ar fáil di chun iarracht teacht ar réiteach áitiúil do theaghlaigh agus gan dul ar aghaidh chuig séim an imscrúdaithe iomláin ach i gcás go raibh an Oifig deimhin de go raibh triail bainte as gach rogha eile. Ó mo thaithí féin bíonn a lán comhlachtaí poiblí, go háirithe iadsan a chuireann seirbhísí ar fáil go díreach do leanaí agus teaghlaigh, ag iarraidh feabhas a chur ar a seirbhísí agus fáiltíonn siad roimh dheiseanna foghlama. I gcomhthéacs ár n-imscrúduithe, d'oibríomar go dian chun ár gcaidrimh agus ár gcreidiúnacht le comhlachtaí poiblí a neartú. Chuidigh sé sin linn ár gcuaspóir deiridh a bhaint amach mar oifig Ombudsman: maolú ar an mbeart bunaidh a raibh tionchar neamhfhabhrach aige ar leanbh agus teacht ar réiteach go gasta ar ghearáin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú athuair chun an chúis leanúnach imní domsa a ardú arís i ndáil le m'eisiamh, i mo shainchúram imscrúdaitheach, ó réimse an tearmainn agus na hinimirce. Níl comhthuiscint bainte amach idir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus m'Oifig ó thaobh raon an eisiamh sin, go háirithe ó thaobh leanaí sa soláthar díreach.

Tá an cheist seo ardaithe agam leis an Oireachtas arís is arís eile ag dul chomh fada siar le mo chéad tuarascáil bhliantúil. I mí Márta 2012, chuir m'Oifig tuarascáil shonrach maidir le feidhmiú an Acha um Ombudsman do Leanaí 2002 faoi bhráid an Oireachtais agus an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sa tuarascáil sin bhí moladh sonrach maidir le leasú a dhéanamh ar Acht 2002 ionas go ndéanfaí soiléiriú ar ról OCO i ndáil le gearáin faoi chúrsaí tearmainn agus inimirce.

D'ainneoin go bhfuil easpa soiléireachta ann faoi réimse údaráis OCO, tá an oifig tar éis déileáil le gearáin a cuireadh faoina bráid i ndáil le leanaí atá ina gcónaí i soláthar díreach. D'fhéach OCO le réiteach a fháil ar na gearáin a cuireadh faoi bhráid na hOifige maidir le leas is fearr na leanaí i gceist, agus fuarthas réiteach air, cé nár ghlac an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis go bhféadfadh OCO dul i ngleic leis na cásanna sin laistigh den cheart reachtúil láimhseála gearán atá san Acht um Ombudsman do Leanaí.

Mar Ombudsman do Leanaí tá mé freagrach as cearta leanaí a chur chun cinn, dul i gcomhairle le leanaí agus comhairle a chur ar fáil d'Airí rialtais faoi reachtaíocht a bhaineann le leanaí. In 2013 de réir Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, chuir mé comhairle ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Inscne a Aithint, 2013, don Aire Oideachais maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar scoil) 2013. Is cúis áthais dom é a thuairisciú go ndearna na hAirí cuí breithniú cúramach ar an dá phíosa comhairle sin agus go ndearna an Comhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialach tagairt go forleathan don chomhairle le linn díospóireachta agus tráth a raibh moltaí á ndéanamh faoi gach píosa reachtaíochta.

Maidir leis an todhchaí, tá mé den tuairim go mbeidh gá meas níos iomláine a léiriú, tráth a bhfuil dlíthe agus beartais á gcruthú in Éirinn, ar na cearta atá sonraithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Dar liom, tá gá i gcónaí ag Éirinn le maoirseacht thiomnaithe, shaineolach, neamhspleách ar riarachán sibhialta agus poiblí sa réimse seo.

Anuas air sin, is gá deireadh a chur leis an gcultúr ina mbíonn beartas poiblí á chruthú go minic mar fhreagra ar ghéarchéim – rud a cháineann an pobal – seachas ina fhorbairt fhorásach beartais phoiblí. Mar Ombudsman do Leanaí b'fhéarr liom go mbeadh cur chuige níos réamhghníomhaí ann i leith forbairt polasaí ná an cur chuige frithghníomhach a bhí le sonrú le deich mbliana anuas.

Tiocfaidh dúshlán agus deiseanna nua chun cinn sa timpeallacht ina mbeidh leanaí ag fás aníos sa tír seo. Cuirtear i gcuimhne dom i gcónaí an tábhacht a bhaineann le hOifig neamhspleách a bheith ann chun a gcearta a chur chun cinn, gearáin a imscrúdú agus córas réitigh a sholáthar.



Emily Logan

Ombudsman for Children

2

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Seirbhísí Corparáideacha

Rialú Airgeadais

B'ionann an leithroinnt airgeadais in 2013 le haghaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí agus €1.888m agus bhí sé sin ina laghdú de €0.225m má chuirtear é i gcomparáid le leithroinnt na bliana 2012.

Mar atá sonraithe in Alt 17(1) agus Alt (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, agus as rialtacht idirbhearta na Oifige a chinntiú. I measc na bhfeidhmeanna is bun leis na freagrachtaí sin tá údarú agus monatóireacht a dhéanamh ar íocaíochtaí le haghaidh earraí agus seirbhísí, próisis tairisceana, feidhmiú an phárolla, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú.

Déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Rinneadh iniúchadh ar chuntais 2012 i mí Iúil 2013. De ghnáth ní dhéantar iniúchadh ar Ráitis Airgeadais do bhliain áirithe in am trátha d'fhoilsiú na tuarascála bliantúla cuí. Chomh luath agus atá siad faofa ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, déantar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an OCO agus tá cuntais bhliantúla gach bliana go dtí 2012 le fáil ar www.oco.ie.

Chuir na cuntasóirí Cairte CrowleysDFK seirbhísí cuntasáíochta ar fáil don Oifig le linn 2013.

Acmhainní Daonna

Tá cead ag an Oifig suas le 15 bhall foirne a bheith fostaithe aici. Is dúshlán i gcónaí é úsáid a bhaint as na hacmhainní foirne chun freastal ar na héilimh a bhíonn ag síormhéadú gach bliain, ó thaobh líon agus chastacht na n-éileamh sin de. Don cheathrú bliain as a chéile ba mhaith liom a chur in iúl go rabhtas ag brath rómhór ar ár bpainéal d'imscrúdaitheoirí sa mhéid go raibh an líon gearán a fuarthas chomh hard agus go raibh ábhar na ngearán sin chomh casta. Déantar athbhreithniú rialta ar róil agus ar fheidhmeanna gach baill foirne san Oifig.

Millennium House – Úsáid áitribh

Chomh maith leis na ceardlanna maidir le cearta daonna a reáchtáil an Oifig do ghrúpaí de leanaí agus de dhaoine óga, lean an Oifig freisin ag reáchtáil a leithéidí céanna de chlár do mhic léinn iarchéime.

Chuir an Oifig na háiseanna in Millennium House ar fáil mar ionad d’imeachtaí cuí a reáchtáladh maidir le cearta agus leas leanaí agus daoine óga, mar a rinne i mblianta roimhe seo. I measc na ngrúpaí a reáchtáil comhairliúcháin le daoine óga in Millennium House sa bhliain 2013 bhí Comhairle Chomhairleach na nÓg le hionadaíocht ó na trí ospidéal do leanaí, BeLoNG To, EPIC, Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, Cumann Mhic Léinn Meánscoile na hÉireann, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Headstrong agus an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí.

Millennium House – Léas

Díoladh roinnt réadmhaoine tráchtála i lár Bhaile Átha Cliath, Millennium House ina measc, rinneadh athstruchtúrú ar an léas agus mar thoradh air sin bhí Oifig na nOibreacha Poiblí i mbun léas nua a idirbheartú thar ceann an Stáit.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2013

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, mar ar cruthaíodh Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (I.R. 542 de 2009). De réir na rialachán tá ceangal ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú gach bliain, le héifeacht ó mhí Eanáir 2011, maidir lena n-úsáid fuinnimh agus na gníomhartha atá idir lámha acu chun a dtomhaltas fuinnimh a laghdú.

In 2013, bhain Oifig an Ombudsman do Leanaí úsáid as 86.83 MWh de leictreachas, i gcomparáid le 88.197 MWh in 2012.

Gníomhartha a bhí idir lámha in 2013

Rinne Seirbhísí Corparáideacha, i gcomhar le hOifig an nOibreacha Poiblí, athbhreithniú cuimsitheach ar thomhaltas fuinnimh le linn na bliana. Ag eascairt ón athbhreithniú sin beartaíodh ath-fheistiú a dhéanamh ar roinnt mhaith de na feistithe solais a bhí sean, mar ar cuireadh feistithe LED ina n-áit. Déantar monatóireacht leanúnach ar úsáid fuinnimh. Tá córas cuimsitheach inmheánach athchúrsála i bhfeidhm i gcónaí ag OCO.

Meáin

Mar ab amhlaidh le roinnt blianta anuas, léirigh na meáin an-suim in obair na hOifige agus clúdaíodh é sin sna meáin. Go háirithe, clúdaíodh roinnt cásanna indibhidiúla a bhí idir lámha ag an Ombudsman do Leanaí, lena n-áirítear cás a bhain le Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte mar gur theip orthu tacaíocht a sholáthar do leanbh tar éis líomhaintí de mhí-úsáid ghnéasach, agus cúiseanna imní maidir le seirbhísí sóisialta FSS na Laoi Thuaidh.

Clúdaíodh freisin an Chomhairle a cuireadh ar fáil d’Airí Rialtais maidir le reachtaíocht – Bille na gCúirteanna, an Bille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil) 2013 agus an Bille um Inscne a Aithint 2013.

Gnóthaí Poiblí

Tuairiscíonn an tOmbudsman do Leanaí go díreach don Oireachtas agus tá sainchúram reachtúil uirthi comhairle a sholáthar d’Airí Rialtais maidir le dlíthe agus beartais a théann i bhfeidhm ar leanaí. Ina fhianaise sin, lean an dea-chaidreamh cuidiúil idir an tOmbudsman do Leanaí agus Airí, Coistí Oireachtais agus urlabhraithe tábhachtacha.

Chomh maith leis sin, tháinig an tOmbudsman do Leanaí os comhair an Choiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí chun plé a bheith ann faoi dhaoine óga atá faoi choinneáí.

Suíomh Gréasáin agus meáin shóisialta

Le roinnt blianta anuas, forbraíodh suíomh gréasáin na hOifige, www.oco.ie, agus tá sé ina uirlis lárnach i gcónaí chun cuidiú leis an Oifig an obair atá idir lámha a chur faoi bhráid an phobail. Rinneadh iniúchadh seachtrach ar inrochtaineacht chun a chinntiú go mbeifí ag cloí leis na caihdeáin is airde agus is féidir.

Ceann de na rannóga is mó éileamh ar an suíomh gréasáin ná rannóg na nGearán. Sa mhéid gur institiúid Ombudsman atá ann tá sé tábhachtach go mbeadh an fhaisnéis atá ar fáil faoinár bhfeidhm Gearáin ar fáil i meáin éagsúla, go mbeadh an fhaisnéis sin soiléir agus go mbeadh an fhaisnéis inrochtana. Ar an suíomh féin, cuirtear faisnéis faoi shainchúram na hOifige agus faoi na nósanna imeachtaí gearáin i láthair ar bhealaí éagsúla: mar cheisteanna coitianta; i bhfíseán gearr faisnéise; in ábhair faisnéise; i dtuairiscí rialta faoi chúrsaí reatha; e.g. buaic a sroicheadh le déanaí i líon na ngearán faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit; chomh maith leis an bhfoirm gearáin ar líne.

An rannóg ar an suíomh is mó a mbíonn an pobal ag breathnú uirthi ná an Rannóg faoi Oideachas agus Cearta Daonna. Cuirtear eolas ar fáil ann faoi cheardlanna maidir le cearta daonna a réachtálann an Oifig le daoine óga, agus gearrtháin scannáin a rinne leanaí agus daoine óga le linn na gceardlann sin. Chomh maith leis sin, is féidir na hábhair oideachais go léir a íoslódáil ón suíomh.

Baineann an Oifig leas as an gcountas Twitter @oco_ireland chomh maith chun bheith ag plé le páirtithe leasmhara agus chun eolas a roinnt faoin obair atá idir lámha faoi láthair.

Tá gach ceann de ghearrtháin scannáin an OCO – 23 san iomlán faoi láthair – ar fáil anois ar chaineál YouTube, ocoireland, agus cuireann siad i láthair obair na hOifige, chomh maith le cás-staidéir shamplacha, ár dtionscadail speisialta agus na gearrtháin a rinne na daoine óga iad féin agus iad ag plé a gceart.



3

GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

Tá an fheidhm gearáin agus imscrúduithe ina croífheidhm ag an Oifig. Faoi Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, féadfaidh an OCO imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó daoine fásta thar ceann leanaí agus daoine óga, faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna nó ospidéal. Is seirbhís saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta an tseirbhís sin.

Forálacha Sainiúla

Forálann Acht 2002 d'fheidhmiú fheidhmeanna gearáin agus imscrúduithe an Ombudsman do Leanaí. Leagtar amach sna forálacha reachtúla sin na forais mhíriaracháin as a n-eascródh athbhreithniú ar ghearáin agus ar reachtáil na n-imscrúduithe. Sa mhéid go bhféadfadh an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú a dhéanamh ar ghníomh a raibh tionchar aige ar leanbh agus gur féidir le leanaí gearáin a dhéanamh iad féin leis an Oifig, leagtar amach san Acht é féin raon forálacha sonracha reachtúla a chuireann leochaileacht leanaí san áireamh.

1. Oibleagáid i ndáil le leasa is fearr an linbh

Foráiltear san Acht go mbeadh aird ag an Ombudsman do Leanaí agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna gearáin agus imscrúduithe, ar leas is fearr an linbh.

2. Oibleagáid maidir le féachaint go cuí do mhianta an linbh

Forálann an tAcht go bhféadfadh an tOmbudsman do Leanaí go cuí, a mhéid is féidir é go praiticiúil, do mhianta an linbh, le haird ar aois agus ar thuiscint an linbh.

Forléargas

Féachtar go háirithe, sa phróiseas scrúdaithe agus imscrúdaithe, ar an éifeacht dhíobhálach a bhí ag gníomh ar leanbh, agus ar cibé acu an ndearnadh an gníomh sin:

- gan údarás ceart;
- ar fhorais neamhábhartha;
- mar thoradh ar fhaillí nó míchúram;
- bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán;
- ar bhonn a bhí idirdhealaitheach go míchuí;

- bunaithe ar chleachtas neamh-inmhianaithe riaracháin; nó
- ar bhealach eile a bhí contrártha do riaracháin cóir, fónta.

A bhuíochas leis an bhfaisnéis a fhaightear trí scrúduithe agus imscrúduithe a dhéanann an Oifig ar ghearáin bíonn an Oifig in ann léargas luachmhar a fháil ar an taithí ag leanaí agus a dteaghlaih ar bheith ag déileáil le seirbhísí poiblí. I gcomhthráth, cuireann grinnscrúdú ghníomhartha riaracháin na gcomhlachtaí poiblí an deis ar fáil don eagraíocht athbheithniú a dhéanamh ar an tseirbhís atá á cur ar fáil aici siúd dá réir.

Mar thoradh ar an aiseolas sin bíonn na seirbhísí poiblí in ann seasamh leis an ngníomh a cuireadh i gcrích nó cás a dhéanamh chun athruithe a chur i bhfeidhm. Ach níos tábhachtaí fós, leagan sé béim ar fhíorthaithí daoine óga agus tugtar guth dóibh maidir lena gcúiseanna imní, nó faoin mbaol atá ann go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag gníomhartha comhlachtaí seirbhíse poiblí orthu.


Staitisticí

Gearáin ar Déileáladh leo in 2013


Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, d'ardaigh an líon gearán a fuair an Oifig in 2013 mar ar déileáladh le 1,677 gearán le linn na bliana – sin 1,591 gearán a fuarthas agus 86 a tugadh anonn ó 2012. In 2013 d'ardaigh an líon gearán faoi 16% i gcomparáid le 2012 agus, mar atá léirithe i dTáblaí 1.1 & 1.2 thíos, tá méadú de 28% tagtha ar líon na ngearán ó 2010 i leith. Mar is léir ó na figiúirí le haghaidh 2013 laghdaigh an líon gearán a tugadh anonn isteach in 2014, rud a léiríonn go ndearnadh iarrachtaí feabhas a chur ar thréachur na hoifige agus laghdaigh an méid ama a thógann sé gearáin a láimhseáil.

Tábla 1.1


Líon na nGearán ar Déileáladh leo gach Bliain ó 2004 i leith



Tábla 1.2
Fás Carnach go dtí Nollaig 2013




Tábla 1.3
Príomhcheisteanna a ndearnadh gearán fúthu in 2013 (%)



Sa chart thíos léirítear dáileadh de réir earnála na 1,591 gearán nua a fuarthas:

Tábla 1.4



I dTábla 1.4 léirítear na catagóirí a ndearna an pobal gearán fúthu in 2013.

Sa chomparáid, le haghaidh 2012 agus 2013, idir na catagóirí as ar eascair gearáin nua tugadh seo a leanas le fios:

- Tá an chatagóir Oideachas fanta mar an gcéanna ó bhí 2012 ann agus is ann atá an líon is airde gearán, ag seasamh ag 43%;
- Laghdaigh an sciar iomlán de ghearáin a bhain leis an gcatagóir Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint (iadsan go léir atá faoi scáth na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach) ó 28% go 26%;
- Laghdaigh an sciar iomlán de ghearáin a bhain le cúrsaí sláinte (Ospidéal, Pobal, Meabhairshláinte agus Sláinte Phoiblí) ó 11% go 9%;
- Bhí ardú de 2% ann i sciar na ngearán a bhain le cúrsaí Ceartais ó bhí 2012 ann – agus seasann sé ag 8% anois.


Oideachas

I dTábla 1.5 léirítear na príomhchatagóirí de ghearáin nua a fuarthas i ndáil le cúrsaí oideachais.

Tábla 1.5

Gearáin i réimse an Oideachais 2013 (43% de gach gearán nua a fuarthas)
Na 5 Phríomh-Fhochatagóir
1. Láimhseáil líomhaintí maidir le hiompar míchuí gairmiúil
2. Acmhainní riachtanais speisialta
3. Déileáil le bulaíocht
4. Láimhseáil gearán, cinntí agus beartas
5. Díbirt, fionraí & rollú

Faigheann OCO gearáin i gcónaí a bhaineann le láimhseáil líomhaintí maidir le hiompar míchuí gairmiúil i measc múinteoirí agus foirne scoile. Tá cosc sonrath orainn scrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le hiompar míchuí gairmiúil. Cibé scéal é, faoi láthair níl aon bhealach eile réiteach a fháil ar ghearáin mar nach bhfuil tosach feidhme tugtha go fóill do Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001). Seo cúis mhór imní don Oifig seo agus is saincheist í a d'ardaíomar le hAirí Oideachais éagsúla ar a seal agus leis an Oireachtas. Is é seasamh leanúnach an OCO ná gur chóir go dtabharfaí tosach feidhme do Chuid 5 chomh luath agus is féidir gan aon mhoill bhreise.



Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint

Sular bunaíodh an Ghníomhaireacht nua um Leanaí agus an Teaghlach, chuir an Oifig seo córas ar bun chun monatóireacht shonrach a dhéanamh ar leibhéal agus ar chineál na ngearán a fuarthas a bhain le sainchúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.

I dTábla 1.6 léirítear na catagóirí nua gearán a fuarthas i ndáil le Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint, a dhéanann suas 26% de gach gearán a fuarthas in 2013.

Tábla 1.6

Tacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint in 2013
(26% de gach gearán nua faighte) 5 Phríomhchatagóir
1. Cosaint leanaí
2. Cúram malartach
3. Tacaíocht teaghlaigh
4. Seirbhísí oibre sóisialta
5. Cúram leanaí, réamhscóil agus an Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE)


Tábla 1.7

Gearáin i réimse na Sláinte 2013 (9% de gach gearán nua faighte)
Príomhchatagóirí
1. Seirbhísí cúraim pobail
2. Ospidéal
3. Seirbhís meabhairshláinte
4. Seirbhísí sláinte poiblí

Sa tábla thuas (1.7) tugtar breacléargas ar na catagóirí is mó a ndéantar gearán iontu i ndáil le Sláinte. Baineann roinnt de na saincheistanna a thagann chun cinn sna gearáin seo le soláthar seirbhísí Míchumais, Teiripe Urlabhra agus Teanga, Teiripe Shaothair agus Measúnú ar Riachtanais Leanaí atá faoi mhíchumas. Is minic a dhéantar gearán freisin faoi rochtain ar sheirbhísí fiacloireachta agus faoi bhainistiú na seirbhísí sin agus faoi na liostaí fada feithimh. Tháinig méadú beag ar líon na ngearán faoi leanaí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus cóireáil á chur orthu i suíomhanna nach bhfuil oiriúnach ar chor ar bith – saincheist a ardaíodh leis an Oireachtas i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo.

Daoine a rinne teagmháil leis an Oifig

Tábla 1.8



Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo is iad na tuismitheoirí na daoine is minice a bhíonn i dteagmháil leis an oifig thar ceann a leanaí. Is minic freisin a bhíonn gairmithe a oibríonn le leanaí ag pléadáil ar a son, go háirithe i gcás nach bhfuil sé de chumas ag an tuismitheoir an gearán a dhéanamh iad féin.

Déanann na Oifig gach iarracht gearán a scrúdú agus a thabhairt chun críche ar an gcaoi is éifeachtaí agus is críochnúla agus is féidir ach fós féin bíonn an oifig ar a dícheall a bheith chomh cóir cothrom agus is féidir leis an ngearánach agus leis an gcomhlacht poiblí araon. Bíonn an Oifig ar a dícheall tathant ar dhaoine iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar an leibhéal áitiúil, rud atá ag teacht le prionsabail Ombudsman. Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tar éis a lán dá hacmhainní daonna a lua le réiteach a lorg ar an leibhéal áitiúil i gcás gach gearáin a ndéileáiltear leis. In 2013, i gcás gur iomchuí é, lean an Oifig ag idirghabháil le comhlachtaí poiblí maidir leis na céimeanna is gá a ghlacadh chun dul i ngleic go díreach leis na cúiseanna imní ag gearánaigh. Déantar formhór na gcásanna a réiteach ag an gcéim seo, de ghnáth laistigh de 4-6 seachtaine.

D'fhéach an Oifig go minic le bheith ag plé go díreach leis na comhlachtaí poiblí go ginearálta chun a mbeartais, a gcleachtais agus a ngnáthaimh a fheabhsú agus a mhionathrú d'fhonn na torthaí is fearr a bhaint amach do leanaí a d'fhéadfadh bheith i dteagmháil leis na comhlachtaí poiblí sin.

Mura ndéanann an comhlacht poiblí réiteach éigin a lorg ar an scéal, féadfaidh an Oifig dul ar aghaidh chun imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Is éard atá i gceist le himscrúdú ná a chinneadh cibé acu an raibh an gníomh a rinne an comhlacht poiblí ina ghníomh a bhí fóna ó thaobh riaracháin de nó nach raibh agus cibé acu an raibh, nó an bhféadfadh go raibh, tionchar díobhálach ag an ngníomh sin ar leanaí nó nach raibh. Fiú ag an staid seo

bíonn an deis ag an gcomhlacht poiblí agus ag an ngearánach teacht ar réiteach chun an tionchar díobhálach ar an leanbh a mhaolú. Má tharlaíonn sé seo féadfaidh an Oifig an cás a dhúnadh ach choinneodh an Oifig an rogha i gcónaí dul ar aghaidh leis an imscrúdú i gcás gur saincheist chórasach atá ann a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar leanaí i gcoitinne. Féadfaidh sé roinnt mhaith ama imscrúdú iomlán a chur i gcrích, agus cé go ndéantar gach iarracht an próiseas a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir, ní pléadalaí an OCO don leanbh ná freasúra i gcoinne an chomhlachta phoiblí ach oiread agus dá bhrí sin is gá don Oifig a bheith cóir cothrom agus caitheamh le meas ar gach páirtí i gceist chun an deis a thabhairt dóibh go léir a gcás a dhéanamh sula nglacfar cinneadh ina leith. Chomh luath agus a chuireann an OCO imscrúdú i gcrích, i gcás go seasann an Oifig leis an ngearán, cuirfidh an Oifig torthaí an imscrúdaithe agus moltaí ar fáil. Ansin déanfaidh an Oifig athbhreithniú tar éis sé mhí chun a bheith cinnte de go bhfuil an comhlacht poiblí ag cur i bhfeidhm mholtaí an OCO. Mura bhfuil an OCO sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag an gcomhlacht poiblí cuireann sí a cúiseanna imní faoi bhráid an Oireachtais.

Foras Naomh Pádraig

I mí Iúil 2013, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais nach mbeadh daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois le bheith faoi choinneáil a thuilleadh in Foras Naomh Pádraig faoi dheireadh na bliana. An rún a bhí ann ná go rachadh gach duine óg chuig Campas Bahile an Oibricigh ina ionad sin. Cibé scéal é, sa méid go raibh gá fairsingiú agus atheagrú a dhéanamh ar Champas Bhaile an Oibricigh, beartaíodh go gcoinneofaí daoine óga i bPríosún Chruithneachtáin mar réiteach eatramhach. Thug an tOmbudsman do Leanaí cuairt ar Phríosún Chruithneachtáin go luath i ndiaidh an fhógra sin agus d'aontaigh go raibh na háiseanna agus an córas i bhfeidhm ann níos oiriúnaí ná na cinn in Institiúid N. Pádraig. Ansin tháinig sí le chéile leis an gCoiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí chun a cúiseanna imní a chur in iúl faoin easpa dul chun cinn a bhí déantar ar thionscadal Bhaile an Oibricigh. Athluaigh an tOmbudsman a cúiseanna imní faoin tábhacht a bhain le gach duine óg faoi bhun 18 mbliana d'aois as Institiúid N. Pádraig isteach in ionad ina mbeadh an córas ann níos láraithe ar an leanbh.

In 2013 rinne an Oifig obair ar roinnt gearán agus tá roinnt díobhsan sonraithe sna cás-staidéir thíos. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don chúnamh a chuir Stiúrthóir na bPríosún ar fáil agus bhí plé cuiditheach idir a fhoireann go léir, Gobharnóir Institiúid Naomh Pádraig san áireamh, leis an Oifig seo an t-am ar fad. Anuas air sin, bhí idirchaidreamh ann idir an OCO de réir mar ba chúil le Cigire na bPríosún.

Gearán i ndáil le hionsaí ar dhuine óg in Institiúid Naomh Pádraig

An gearán

Bhí máthair i dteagmháil leis an Oifig i ndáil le rud a tharla dá mac agus é in institiúid Naomh Pádraig. D'ionsaigh duine eile a bhí faoi choinneáil san Institiúid a mac, agus gortaíodh go holc é. Tugadh a mac isteach san Aonad Timpistí agus Éigeandála agus ina dhiaidh sin chuir foireann leighis an phríosúin cóireáil bhreise air agus choinnigh súil air. Chuir an máthair

in iúl gur tharla a leithéid trí huaire dá mac ó thosaigh sé a thréimhse in Institiúid Naomh Pádraig dhá mhí roimhe sin.

Chuir an Mháthair in iúl nár inis údaráis an phríosúin di siúd gur ionsaíodh a mac agus gur cuireadh san ospidéal é agus nár cuireadh í féin ná a teaghlach ar an eolas faoin tarlú, ná gur gortaíodh a mac, go dtí gur thug siad cuairt air go luath ina dhiaidh sin.

Agus scrúdú á dhéanamh ar an ngearán, chuir an mháthair in iúl gur tharla ionsaí eile dá mac agus é i bhForas Naomh Pádraig. Anuas ar na saincheisteanna leighis, bhí an mháthair míshásta freisin leis an líon íseal cuairteanna a bhí ceadaithe don teaghlach agus a mac faoi choinneáil istigh agus gur laghdaíodh an líon sin, nó gur tarraingíodh siar iad, mar thoradh ar thuarascálacha smachta a bhí scríofa, tuarascálacha ar a dtugtar P19, i gcoinne a mic.

Scrúdú OCO

Rinne an OCO réamhscrúdú ar an ngearán agus dhírigh an scrúdú sin ar roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear:

- An easpa teagmhála le tuismitheoirí ó údaráis an phríosúin i gcás gortuithe tromchúiseacha agus faoin ionsaí a tharla do dhuine faoi bhun aois 18;
- Leibhéal na hairde leighis a thugtar ar dhuine óg; agus
Foráiltear in Alt 11 (1) (e) (i) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 nach ndéanfadh an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú ar ghníomh a dhéantar agus an dlí á riar i gcúrsaí a bhaineann le tearmann, inimirce, eadóirseacht nó saoránacht. Mar thoradh air sin, tá roinnt gníomhartha de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá lasmuigh de shainchúram na hOifige seo; bheadh na gníomhartha nó na héighníomhartha áirithe sin a mbeadh cead ag an Ombudsman do Leanaí imscrúdú a dhéanamh orthu ag brath ar na cúinsí.

Luaigh an tOmbudsman do Leanaí cúis imní ina céad tuarascáil bhliantúil a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais faoi eisiámh riar an dlí i ndáil le tearmann, inimirce, eadóirseacht nó saoránacht lena n-áirítear leanaí i soláthar díreach laistigh de shainchúram a hOifige. Bhí díospóireacht shuntasach ann ar cheist an eisiaimh sin tráth a raibh an Bille um Ombudsman do Leanaí á rith trí Thithe an Oireachtais. Go háirithe, luadh cúiseanna imní faoi go bhfágfadh sé seo an grúpa leochaileach de leanaí agus daoine óga lasmuigh de shainchúram imscrúdaitheach an Ombudsman do Leanaí. Mar fhreagra air sin, luaigh an tAire Leanaí a bhí in oifig ag an uair go mbeadh rochtain ag leanaí na n-iarrthóirí tearmainn ar an Ombudsman do Leanaí ar an gcaoi chéanna is a bheadh ag gach leanbh eile in Éirinn agus an t-aon ní a chuirfí as an áireamh ná na gnáthaimh a bheadh ann chun sainiú a dhéanamh ar cibé acu an raibh duine i dteideal stádas áirithe nó nach raibh, agus ní cibé acu an raibh siad i dteideal na seirbhísí féin.

Sa phlé a bhí ag an Oifig seo ina dhiaidh sin leis an Roinn Dlí agus Cirt, tháinig sé chun solais nach bhfuil comhthuiscint ann faoi raon an eisiaimh atá san Acht sin.

Ar an gcúis sin, mhol an tOmbudsman do Leanaí cúpla uair go leasófaí Acht 2002 ionas nach mbeadh aon amhras ann faoin gceist agus chun a chinntiú nach meádh aon bhac ann ar leanaí agus teaghlaigh ó thaobh soláthar díreach agus rochtain a fháil ar mhodh neamhspleách láimhseála gearán.

D'ainneoin go raibh easpa soiléireachta ann maidir lena réimse cúraim, tá an OCO tar éis déileáil le gearáin a cuireadh faoina bráid a bhain le leanaí a bhí i gcóiríocht soláthair dhírih. D'iarr agus fuair an OCO réiteach ar na gearáin a cuireadh faoina bráid a bhain le leas leanaí, cé nach bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tar éis glacadh leis na cásanna seo mar chásanna a bhfuil cead an OCO déileáil leo laistigh den chreat láimhseála gearán a sonraítear san Acht um Ombudsman do Leanaí. I gcás roinnt de na saincheistanna a bhfuaireamar gearáin fúthu bhain siad le 1) cosaint leanaí 2) láimhseáil gearán laistigh den tseirbhís 3) an rochtain a bhíonn ag leanaí ar oideachas 4) éadaí agus aiste bia cuí do ghrúpaí áirithe reiligiúin.

Cé gur tharraing an Oifig seo aird ar an eisiámh sin, bhí an Oifig seo ag áitiú, cé go bhfuil gníomhartha áirithe de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá lasmuigh de shainchúram imscrúdaitheach na hOifige seo, gur chóir go mbeadh gach gníomh eile a bhaineann le leanaí atá ina gcónaí in Éirinn oscailte le go ndéanfadh Oifig an Ombudsman do Leanaí iniúchadh orthu. Ar an gcaoi sin bheidh an deis chéanna ag gach leanbh atá ina gcónaí in Éirinn is cuma cén áit a rugadh iad nó cén stádas dlí acu.

3. Meitea-anailís ar Sholáthar Seirbhísí do Leanaí faoi Chúram

Is mion minic a fuair an Oifig seo gearán faoi leanaí i gcúram an Stáit agus faoin gcaoi a ndéanann FSS cúram díobh (10% de gach gearán ó bhí 2004 ann). D’ainneoin ilchineálacht na n-imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig sa réimse seo, is léir go bhfuil a lán fadhbanna ann ar fianaise iad de dheacrachtaí córasacha a tharlaíonn arís is arís eile. Sa mhéid go bhfuil an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nuabhunaithe anois, mheas an Oifig go raibh sé tráthúil meitea-anailís a sholáthar de na himscrúduithe i réimse an chúraim do leanaí. Trí thorthaí a chomhthiomsú agus a chur i gcomparáid lena chéile ó imscrúduithe éagsúla, tagann na treochtaí chun solais atá ina bhonn luachmhar eolais d’fhorbairt dlí agus beartais sa réimse seo.

Cuireadh an tuarascáil isteach de réir alt 13(7) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, a fhorálann le go bhféadfadh an tOmbudsman do Leanaí tuarascálacha a chur faoi bhráid an Oireachtais maidir le cur i bhfeidhm a feidhmeanna de réir mar is dóigh léi a bheith iomchuí.

Aidhm na tuarascála sin ná aird a tharraingt ar cheisteanna córasacha agus ar cheisteanna a tháinig chun cinn arís is arís eile. I gcás gur sainithníodh fadhbanna córasacha a bhain le feidhmiú na reachtaíochta nó soláthar seirbhísí do leanaí, bheadh gá go ndéanadh comhlachtaí gar-bhreithiúnacha amhail an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú ar na fadhbanna céanna arís is arís eile. Táthar ag súil go gcabhróidh torthaí na tuarascála seo chomh maith leis na moltaí atá déanta ann leis an athchóiriú leanúnach atá ar siúl ar sheirbhísí leanaí agus teaghlaigh in Éirinn, agus nach mbeidh ar an Oifig imscrúdú a dhéanamh ar na bunchúiseanna leis na fadhbanna sin a thuilleadh, ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Baineann na moltaí sa tuarascáil leo seo:

- Cúram cónaitheach a sholáthar do leanaí
- Cosaint do leanaí i gcúram
- Measúnú agus pleanáil don chúram
- Cleachtas oibre sóisialta
- Comhoibriú idir ghairmithe agus idir-ghníomhaireachta
- Coinneáil taifead
- Rialachas

Cuireadh an cháipéis seo i gcrích i mí na Nollag 2013 agus tá sí ar fáil anois mar bhonn eolais don Oifig chun plé a bheith ann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ionas go bhféadfaí déileáil le gearáin chomhchosúla ar bhealach níos tráthúla.

Tá sé mar aidhm freisin ag an Oifig go gcuideoidh an cur chuige seo leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a gcórais a chur in oiriúint sa chaoi is go bhfeabhsófar an córas agus go laghdófar ar an ngá gearán a dhéanamh leis an Oifig seo faoi leanaí i gcúram.

4

BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

Leagtar amach in Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (Acht 2002) beartas, taighde agus feidhmeanna athbhreithnithe reachtaíochta na hOifige. Go háirithe, foráilann sé go ndéanfadh an tOmbudsman do Leanaí:

- Comhairle a sholáthar d’Airí maidir le forbairt agus comhordú an bheartais a bhaineann le leanaí;
- Comhairle a sholáthar d’airí ar chúrsaí a bhaineann le cearta agus leas leanaí, go háirithe an tionchar is dócha a bheadh ar leanaí ag tograí reachtaíochta;
- Taighde a dhéanamh, a chur chun cinn agus a fhoilsiú ar aon cheist a bhaineann le cearta agus leas leanaí; agus
- Faisnéis a mhalartú agus comhoibriú le Ombudsmána Leanaí i Stáit eile.

In 2013 chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí comhairle ar fáil i ndáil leis an reachtaíocht bheartaithe i réimse athchóiriú na gcúirteanna, sainaitheint inscne, iontrálacha scoile agus bunú na Gníomhaireachta nua um Leanaí agus an Teaghlach.

Comhairle maidir leis an mBille um Chúirteanna 2013

D’fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Cosanta an Bille um Chúirteanna 2013 ar an 19 Márta 2013. Tá dhá phríomhchuspóir ag an mBille: mionathrú a dhéanamh ar fheidhmiú na rialach a bhaineann le ceamara a bheith ar siúl sa chúirt agus méadú ar na teorainneacha údaráis airgeadaíochta atá ag baint le himeachtaí sna Cúirteanna Cuarda agus Dúiche.

Sa chomhairle a sholáthair an tOmbudsman do Leanaí maidir leis an mBille, d’fháiltigh sí roimh an rún atá ann an reachtaíocht a leasú le go mbeadh imeachtaí cúirte níos trédhearcaí ionas go mbeadh an pobal agus na páirtithe i gceist in ann tuiscint níos fearr a fháil ar na himeachtaí sin. Chuir an Oifig a tuairim in iúl gur chóir go mbeadh saintréithe áirithe ag baint le himeachtaí cúirte a bhaineann le cúram leanaí, mar shampla: cloí le cearta daonna; nach mbeadh drogall ar dhaoine páirt a ghlacadh i bpróiseas na gcúirteanna; forléargas córasach a sholáthar d’imeachtaí cúirte; inbhuanaitheacht; agus neamhspleáchas.

Bhí imní ar Oifig an Ombudsman do Leanaí nach gá go n-áireofaí na saintréithe go léir sin sa chóras a bhfuiltear ag súil leis faoin mBille agus go bhféadfadh go mbeadh torthaí

diúltacha ag eascairt uaidh sin. Luaigh an Oifig sa chomhairle a chuir sí ar fáil gur foráileadh cheana féin sa reachtaíocht le go ndéanfadh abhcóidí, aturnaetha nó daoine eile arna gceadú faoi na rialacháin tuairisciú ar chásanna a bhain le dlí teaghlaigh agus cúram leanaí; tugadh na forálacha seo isteach faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 agus faoin Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2007. As seo a d'éascair an Tionscadal um Thuairisciú ar Dhlí Teaghlaigh, a bhí curtha i gcrích tráth a foilsíodh an Bille um Chúirteanna 2013, agus an Tionscadal um Thuairisciú ar Dhlí Cúram Leanaí, a bhí ar bun ag an uair ach a bhí am-shrianta. Luaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí na buntáistí a bhain le córas tuairiscithe nach mbeadh ach tuairisceoir amháin ann dó i ngach cás agus nach mbeadh aon tuairisciú comhaimseartha ag tarlú lena linn.

Mhol an tOmbudsman do Leanaí go ndéanfaí athbhreithniú ar fhorálacha an Bhille um Chúirteanna 2013 maidir le láithreach na meán in imeachtaí cúirte dlí teaghlaigh agus cúraim, ionas go bhféadfaí dul i ngleic le cúiseanna imní na hOifige ina leith.

Comhairle maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Inscne a Aithint 2013

D'fhoilsigh an tAire Coimirce Sóisialaí Scéim Ghinearálta an Bhille um Inscne a Aithint ar an 17 Iúil 2013. Príomhaidhm na reachtaíochta sin ná creat a sholáthar do bhronnadh Deimhniú Aitheanta Inscne, a cheadódh aithint inscne an té sin ar gach cúis, lena n-áirítear aon déileáil a bheadh acu leis an Stát, le comhlachtaí príobháideacha agus le comhlachtaí poiblí.

Lorg an tAire Coimirce Sóisialaí tuairimí an Ombudsman do Leanaí faoi sholáthar na Scéime Ginearálta a chuir as an áireamh daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois ón reachtaíocht, de réir alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002.

Luaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí gurb é an rún ba bhun le daoine faoi bhun 18 a fhágáil ar lár ón reachtaíocht ná chun iad a chosaint ó na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag a n-inscne a aithint nuair nach raibh dearcadh cinntithe acu féin i ndáil lena gcéannacht inscne go fóill. Cibé scéal é, bhí an Oifig den tuairim nach mbeadh an reachtaíocht mholta sin ag feidhmiú chun leas is fearr an linbh.

Sa chomhairle a cuireadh ar fáil don Aire tarraingíodh aird ar go bhféadfadh constaicí agus deacrachtaí a bheith ann do leanaí trasghnéasacha nó idirghnéasacha maireachtáil le dínit, agus go mbíonn na daoine sin dofheicthe go minic ar a lán bealaí. Luadh freisin go mb'fhéidir go bhféadfaí dúshlán a thabhairt faoi Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine don reachtaíocht sa mhéid go raibh ag teip ar an dlí an deis a thabhairt do dhaoine faoi bhun 18 Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil.

An chomhairle a chuir an tOmbudsman do Leanaí ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí ná gur mheas sí go raibh an cosc iomlán ar dhaoine óga nó a dtuismitheoirí Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil ina chur isteach díréireach ar chearta daoine óga go n-aithneofaí a n-inscne agus mhol sí:

- Go bhforálfadh an Bille um Inscne a Aithint do leanaí agus daoine óga ach an critéar a bhaint a bhaineann le haois íosta chun Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil;

- Go gcuirfí ar chumas tuismitheoirí nó caomhnóirí cur isteach ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a fháil thar ceann a leanaí; agus
- Go gcuirfí ar chumas daoine óga a bhfuil aois 16 bainte amach acu cur isteach ar aitheantas dlíthiúil dá rogha inscne as a stuaim féin, ar mhaithe le comhsheasmhacht a bhaint amach idir an Bille um Inscne a Aithint agus an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.

Bhreithnigh an Comhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialta comhairle an OCO maidir leis an Scéim Ghinearálta le linn a bhreithniúcháin féin maidir leis an reachtaíocht mholta. Mhol an Coiste Oireachtais gur chóir an aois ag a mbeadh duine i dteideal cur isteach ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a laghdú ó 18 bliana d’aois chuig 16 bliana d’aois, de réir na moltaí arna ndéanamh ag an Ombudsman do leanaí. Cé nár mhol an Coiste Oireachtais go bhféadfadh daoine faoi bhun 16 bliana d’aois Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil, mhol sé gur chóir bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní laethúla a bhíonn ag daoine trasghnéasacha faoi bhun 16 bliana d’aois.

Comhairle maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil) 2013

D’fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil) ar an 2 Meán Fómhair 2013. Is é aidhm na reachtaíochta molta agus na rialachán bainteach ná creat nua a sholáthar chun rialú a dhéanamh ar bheartais iontrála scoileanna do gach bunscoil agus iar-bhunscoil.

D’fháiltigh Oifig an Ombudsman do Leanaí roimh ghnéithe éagsúla na Scéime Ginearálta, sa mhéid go ndeachaigh siad i ngleic leis na fadhbanna arna sainaithint ag na Oifig trína hobair imscrúdaitheach, lena n-áirítear: comhsheasmhacht a bhaint amach idir na beartais iontrála go léir; trédhearcacht sna beartais iontrála; na cúiseanna don diúltú a chur in iúl do thuismitheoirí; bac ar rollú i scoil; agus maoirseacht lárnach a dhéanamh ar chásanna nach féidir le leanaí áit scoile a fháil.

Cibé scéal é, bhí Oifig an Ombudsman do leanaí den tuairim go raibh roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an reachtaíocht chun freastal ar leas is fearr an linbh i ndáil leis na nithe seo a leanas; critéir iontrála agus critéir maidir le hiomarca daoine a bheith cláraithe d’áit scoile; modhanna achomhairc; agus maoirseacht agus monatóireacht.

Go háirithe, rinne Oifig an Ombudsman do leanaí na moltaí seo a leanas:

- Go mbeadh an fhéidearthacht ann maolú a fháil i ndáil le go mbainfí an critéar ó thaobh iarscoláirí.
- Ba chóir Alt 7 den Acht um Stádas Comhionann 2000 a leasú ionas go bhforálfaí nach dtabharfaí rochtain fhabhrach d’aon leanbh ar oideachas atá maoinithe go poiblí ar bhonn a gcreidimh, ach amháin go bhféadfaidís áit a fháil i scoil le creideamh áirithe i gcás go bhféadfadh pobal na scoile tiontú ina phobal nach mbeadh aon saintréithe den chreideamh sin le sonrú ann.

- Ba chóir go mbainfí an chumhacht atá ag scoileanna diúltú áit scoile a thabhairt do leanbh bunaithe ar thuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an Gharda Síochána i ndáil leis an tionchar a bheadh ag leanaí áirithe a scaoileadh isteach sa scoil ar shábháilteacht daltaí eile nó ar shábháilteacht na foirne.
- Go gcoinneofaí coistí achomhairc Alt 29 a dhéanann breithniú ar achomhairc a bhaineann le rollú scoile.
- Ba chóir go gceanglófaí ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ar an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais breithniú a dhéanamh ar leas is fearr an linbh agus iad ag breithniú ainmniúchán faoi Mhírcheann 9, chomh maith le tuairimí na ndaoine óga a mbeadh tionchar ag an gcinneadh orthu, le haird mar is cóir á tabhairt ar na tuairimí sin i bhfianaise aois agus aibíocht na leanaí.
- Ba chóir go soiléireodh an reachtaíocht acmhainneacht an BNLO agus an CNOS ainmniúchán a dhéanamh i gcás gur stad scoil ag ligean daltaí isteach i rang áirithe – mar thoradh ar an tsolúbthacht seo sheachnófaí cur chuige dolúbtha ó thaobh mhéid an ranga a bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar dhaoine óga as mhéid go mbeidís ag brath rómhór ar theagasc baile.
- Ba chóir go sonródh an reachtaíocht an t-amscála a bheadh ag Pátrún chun treoir ón Aire a chomhlíonadh, agus dá dteipfeadh air sin go gceapfaí duine neamhspleách de réir na reachtaíochta.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna sonraí a thiomsú go córasach maidir le feidhmiú bheartais rollúcháin scoileanna ionas go bhféadfaí meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag reachtaíocht mholta.

Le linn a bhreithniúcháin maidir leis an Scéim Ghinearálta, thagair an Comhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialta go minic do na moltaí a rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí.

An Bille fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013

D'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Bille fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 ar an 12 Iúil 2013. D'fhoráil an Bille seo do bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus d'aistriú feidhmeanna ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais chuig an nGníomhaireacht.

Bhain beagnach aon deichiú de gach gearán a fuair Oifig an Ombudsman do Leanaí, faoi dheireadh 2013, le cosaint leanaí. Mar thoradh air sin, bhí nithe a raibh baint dhíreach acu le bunú agus feidhmiú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ina gcuid mhór den phlé idir an Oifig agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Ina fhianaise seo, agus sa mhéid gur dócha go mbeidh idirchaidreamh rialta agus leanúnach idir an Oifig agus an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach amach anseo, chinn Oifig an Ombudsman do Leanaí nach mbeadh gá comhairle fhoirmiúil a sholáthar don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an mBille. Cibé scéal é, tharraing

Oifig an Ombudsman do Leanaí aird ar go mbeadh ar mhodh inmheánach gearáin na nGníomhaireachta a bheith ag teacht leis an gceann atá i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman do Leanaí chun a chinntiú go mbeadh an creat is stuama agus is féidir ann do na leanaí agus na teaghlaigh ar mhian leo gearán a dhéanamh faoin nGníomhaireacht.

Chomh maith leis sin, bhí plé ann idir an Oifig agus an tAire i ndáil leis an nGníomhaireacht nua trí mheitea-anailís a rinneadh a bhfuil cur síos níos sonraí air sa Rannóg Gearán agus Imscrúduithe sa tuarascáil seo.

Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil dheireanach an Ombudsman do Leanaí, chuir an Oifig tuarascáil ar fáil don Oireachtas faoi fheidhmiú an Achta um Ombudsman do leanaí inar sonraíodh moltaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú Acht 2002. Luadh sa Tuarascáil Bhliantúil gur chuidigh rith an Achta Ombudsman (Leasú) 2012 trí Thithe an Oireachtais deis a sholáthar roinnt athruithe a chur sa tsiúl ar athruithe iad a bhí á lorg ag an Oifig seo.

Tá roinnt saincheistean nár réitíodh go fóill; chuathas i ngleic le roinnt de na saincheistean sin le linn 2013, lena n-áirítear soiléiriú a fháil ar shainchúram an Ombudsman do Leanaí i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó leanaí atá faoi choinneáil.

Lean an dea-chaidreamh idir Oifig an Ombudsman do leanaí agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis na bhféidearthacht brú ar aghaidh le leasuithe ar Acht 2002.

Tá an chomhairle go léir faoin reachtaíocht le fáil ag www.oco/publications.ie

Cur le Sainchúram an Ombudsman do Leanaí

Ag leanúint ón Acht Ombudsman (Leasú) 2012 a síníodh ina dháil an 31 Deireadh Fómhair 2012 cuireadh le sainchúram na hOifige seo ionas go mbeimis in ann imscrúdú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí breise agus cuimsíonn an sainchúram sin anois 180 aonán breise. Áirítear i measc na n-aonán seo, ar a dtugtar gníomhaireachtaí in-athbhreithnithe, ollscoileanna, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO), Údarás Uchtála na hÉireann agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Áirítear ar an liosta gníomhaireachtaí ilchineálacha éagsúla eile amháil Comhairle Spóirt na hÉireann, Bord Leigheasra na hÉireann, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Tá sé de chumhacht againn breithniú a dhéanamh ar aon ghníomhartha riaracháin a rinne na comhlachtaí sin agus a raibh tionchar díobhálach acu ar leanbh AGUS a tharla mar thoradh ar mhíriarachán de chuid an chomhlachta phoiblí. I gcás na gcomhlachtaí poiblí nua go léir tháinig siad faoinár réimse freagrachta an 31 Aibreán 2013 agus thugamar cuireadh do gach gníomhaireacht in-athbhreithnithe teacht chun bualadh linn ionas go bhféadfaimis ár ról a mhíniú dóibh agus a chur in iúl dóibh cad a mbeifí ag súil leis uatha i ndáil leis sin. Chuireamar síos ar na céimeanna a ghlacamar chun teacht ar réiteach ar an leibhéal áitiúil, ar ár gcumhachtaí imscrúdaithe agus ar na moltaí is féidir linn a dhéanamh tar éis dúinn imscrúdú a chur i gcrích. Tá sé anois mar fhreagracht ar na gníomhaireachtaí sin eolas a thabhairt do na baill sin den phobal a bhaineann úsáid as a seirbhísí gur féidir leis an OCO

cuidiú leo i gcás go bhfuil siad míshásta le gníomhartha míriaracháin na gníomhaireachta in-athbhreithnithe sin. Is cúis áthais dúinn é gur féidir linn an tseirbhís seo a sholáthar do leanaí agus dá dteaghlach, daoine nach raibh aon mhodh sásaimh acu roimhe seo i ndáil le roinnt mhaith de na gníomhaireachtaí sin. Tháinig méadú 16% ar líon na ngearán a fuair ár n-oifig in 2013 agus is féidir ar a laghad roinnt de sin a mhíniú toisc go bhfuiltear tar éis cur leis an líon comhlachtaí faoinár sainchúram.

Meastóireacht ar Oifig an Ombudsman do Leanaí

Chun tacú leis an tuarascáil a chuir an tOmbudsman do Leanaí faoi bhráid an Oireachtais i mí Márta 2012 maidir le feidhmiú an Achta um Ombudsman do Leanaí 2002, rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí coimisiúnú ar mheastóireacht oibríochtúil ar obair na hOifige ó bunaíodh í sa bhliain 2004.

Is é Brent Parfitt a rinne an mheastóireacht – tá sé ina iarbhall de Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, agus ina shaineolaí idirnáisiúnta ar obair na n-institiúidí Ombudsman, lena n-áirítear na hinstiúidí a dhíríonn ar chearta an linbh.

Sa chéad chéim den meastóireacht rinneadh athbhreithniú deisce ar na ráitis foilsithe maidir leis himscrúduithe atá curtha i gcrích agus faoin gcomhairle reachtúil a chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí ar fáil, chomh maith leis na beartais agus na gnáthaimh inmheánacha. Sa dara céim den athbhreithniú cuireadh agallaimh ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha ón Rialtas, ón státseirbhís, ó chomhlachtaí poiblí eile, ón tsochaí shibhialta agus ó na meáin.

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tiomanta de breithniú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar mholtaí ag eascairt ón meastóireacht chomh luath agus a chuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid na hOifige go luath in 2014.



5

OIDEACHAS AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Faoi Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 tugtar sraith cumhachtaí uathúla don Ombudsman do Leanaí chun tacú le hobair na hOifige ó thaobh imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cuireann siad dualgas dearfach ar an Ombudsman cearta agus leas leanaí suas go dtí 18 mbliana d'aois a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é aidhm chlár oideachais agus rannpháirtíochta na hOifige éifeacht a thabhairt do na fheidhmeanna reachtúla seo a leanas faoi Alt 7 d'Acht 2002:

- Tacú le beartais, gnáthaimh agus cleachtais a chuireann cearta agus leas leanaí chun cinn;
- Feasacht a chur chun cinn sa phobal (leanaí san áireamh) maidir le nithe a bhaineann le cearta agus leas leanaí (lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh) agus conas is féidir le cearta sin a fhorfheidhmiú;
- Struchtúir a bhunú chun dul i gcomhairle le leanaí agus béim a leagan ar shaincheistean a bhaineann le cearta agus leas leanaí ar cúis imní iad do na leanaí iad féin; agus
- Faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh maidir le nithe a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus conas na cearta sin a fhorfheidhmiú, taighde a dhéanamh ar na nithe sin, an taighde a chur chun cinn nó an taighde a fhoilsiú.

Oideachas maidir le Cearta

Ceardlanna faoi chearta oideachais

Le linn 2013 thug beagnach 1,500 leanbh agus duine óg ó scoileanna i 17 gcontae cuairt ar an OCO. Reáchtáladh ár gceardlanna oideachais maidir le cearta leanaí dhá uair sa tseachtain do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar an Oifig. Tá na ceardlanna seo ina gcroíchuid de chlár oideachais um chearta leanaí a bhíonn ar siúl ag an OCO, agus is deis luachmhar, sholúbtha na ceardlanna don Oifig plé go díreach le leanaí agus daoine óga d'aoiseanna éagsúla, atá ina gcónaí in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus i gcúinsí ilchineálacha.

Dearadh na ceardlanna sa chaoi is go spreagfaidís idirphlé idir an OCO agus leanaí. Cé go n-athraíonn an t-idirphlé agus an bhéim ó cheardlann go ceardlann, bíonn siad i gcónaí dírithe ar dhá phríomhaidhm: feasacht agus tuiscint na leanaí a fhorbairt maidir le cearta leanaí agus tuairimí na leanaí a fháil ar nithe a bhaineann le cearta leanaí ar spéis leo iad nó ar cúis imní dóibh iad.

“Bíonn eagla ar dhaoine roimh aon rud éagsúil. Bíonn eagla orthu athruithe a dhéanamh... Níl aon dlí chun muid a athrú mura n-athraímid muid féin. Idirdhealú éagórach: caitheann sé seo a réiteach.”

“Tugann bia fuinneamh dúinn agus cuidíonn sé linn fás agus a bheith láidir... Cuireann sé as dúinn nuair a bhíonn ocras ar leanaí sa domhan.”

“Tá sé an-tábhachtach go mbeadh duine in ann teacht ar uisce glan. Is bunriachtanas maireachtála é an t-uisce.”

“Measaim go bhfuil an ceart ag gach leanbh go mbeadh cosaint acu ó dhíobháil. Níor chóir d’aon leanbh aon sórt mí-úsáide a fhulaingt, bíodh sin fisiceach nó meabhrach. Tá freagracht ar rialtais agus ar eagraíochtaí leanaí a chosaint ó dhíobháil ina dtíortha féin a mhéid is féidir leo é. Níl sé de cheart ag aon duine.”

“Tá an teaghlach an-tábhachtach mar go dtugann siad grá dúinn. Tá sé tábhachtach freisin mar go bhfuil gá agat le duine éigin chun tacaíocht a thabhairt duit.”

“Measaim go bhfuil an ceart chun príobháideachta tábhachtach mar nár chóir go mbeadh eolas ag daoine fút mura dteastaíonn uait go mbeidh an t-eolas sin acu.”

“Tá sé tábhachtach go mbeadh caighdeán maireachtála dóthanach agat mar go bhfuil gá ag gach duine le háit chónaithe, ina mbraithfidh siad sábháilte, áit ar féidir leo baile a thabhairt air.”

“Táimid den tuairim gur chóir do gach éinne a bheith in ann a bpearsantacht a chur in iúl gan daoine ag déanamh breithiúnais ina leith.”

“Tá sé an-tábhachtach go gcosnófaí leanaí ar dhúshaothrú...Faigheann leanaí bás ón dúshaothrú agus is féidir leo bheith gortaithe agus iad ag obair freisin. Cuireann sé isteach ar an bhforbairt...Ba chóir go mbeadh leanaí in ann bheith ag súgradh agus ag foghlaim. Níor chóir go mbeadh orthu uaireanta fada oibre a dhéanamh.”

“Measaim go bhfuil an ceart ainm a bheith agat an-tábhachtach mar go dtugann sé céannacht duit.”

“Ba chóir go mbeadh an ceart ag gach duine cúram sláinte a fháil. Tá sé de cheart ag gach duine cóireáil a fháil is cuma cén cúlra acu. Níor chóir go bhfaigheadh daoine bás ó thinneas a bhfuil leigheas ann dó. Ach ní leigheas ar ghalar an t-aon rud atá i gceist. Is gá galair a chosc chomh maith.”

“Dar liom, tá an ceart chun oideachais tábhachtach mar go múnlaíonn an t-oideachas an chuid eile den saol. Cuidíonn sé leat cairde a ghnóthú, gan bheith i dtrioblóid agus saol níos fearr a chaitheamh.”

“Tá sé tábhachtach a bheith in ann faisnéis a fháil ... tugann sé eolas don duine agus tugann eolas cumhacht duit.”

“Má thugtar grá do leanaí agus má dhéantar cúram díobh fásann siad ina ndaoine féinmhuiníneacha.”

Rinneadh iniúchadh sna ceardlanna sin ar an gcaoi a dtagann cearta leanaí chun cinn i gcomhthéacs an ghnáthlae acu ar scoil agus ina bpobail agus pléadh na róil éagsúla ag daoine, leanaí agus daoine óga san áireamh, chun a chinntiú go n-urramaítear agus go gcosnaítear cearta leanaí.

Chomh maith leis sin, chuidigh an OCO le leanaí agus daoine óga machnamh ar na cearta éagsúla atá ag leanaí faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta na Linbh, trí cheardlanna físchomhdhála a réachtáil, teachtaireachtaí a thairgeadh faoi na cearta atá ag leanaí, a raibh na leanaí den tuairim go raibh tábhacht ag baint leo. Tá na teachtaireachtaí físe seo á gcur in eagar faoi láthair chun cúpla gearrscannán a chruthú, a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin an OCO agus ar chaineál You Tube, ocoireland. Chomh maith leis sin, ghlac breis is 500 leanbh agus duine óg, idir 7 mbliana d’aois agus 16 bliana d’aois páirt sa tionscadal seo agus roghnaíodh roinnt de na tuairimí a chuir siad in iúl le léiriú a dhéanamh ar raon leathan de chearta leanaí faoi CNAACL, ar cearta bunriachtanacha iad do leanaí in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ceardlanna maidir le cearta do mhic léinn iarchéime

Ag teacht leis an dualgais reachtúla atá ar an Oifig faoi Alt 7 d’Acht 2002, d’fhorbair an Oifig sraith seimineár maidir le cearta oideachais, agus réachtáil na ceardlanna sin do mhic léinn iarchéime ar bhonn píolótach in 2012. Ag cur san áireamh spéis na rannpháirtithe sna seimineáir agus i bhfianaise an aiseolais a fuarthas a bhí an-dearfach, bheartaigh an Oifig clár eile a réachtáil in 2013 agus an deis a thabhairt do chohórt níos mó mac léinn iarchéime páirt a ghlacadh ann.

Le haird ar phlé na hOifige trína feidhmeanna reachtúla éagsúla le raon leathan saincheisteanna i réimsí na hoibre sóisialta, an chúraim shóisialta agus an oideachais, bhí na seimineáir a réachtáladh le linn 2013 dírithe ar mhic léinn a bhí i mbun staidéir iarchéime san obair shóisialta nó sa chúram sóisialta chomh maith le mic léinn a bhí i mbun clár chéime agus iarchéime san oideachas. Ghlac 150 mac léinn ó ocht gcinn d’institiúidí tríú leibhéal (OÉ Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, IT Átha Luain, Coláiste Phádraig agus Institiúid Oideachais Marino) páirt sa chlár.

Is iad foireann an OCO a chuir na ceardlanna i láthair, idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2013, agus dhírigh na seimineáir sin ar fheasacht a spreagadh faoi shainchúram reachtúil, feidhmeanna agus réimsí comhfhreagracha oibre na hOifige; ar thuiscint na rannpháirtithe ar chearta bunúsacha leanaí a spreagadh agus a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs an chleachtais ghairmiúil; agus cleachtas agus cinnteoireacht leanbh-láraithe a spreagadh, lena n-áirítear trí scrúdú éascaithe a dhéanamh ar chás-staidéir ag eascairt ó obair imscrúdaithe na hOifige.

Mar ab amhlaidh le clár píolótach 2012, fuarthas aiseolas dearfach ó na rannpháirtithe a ghlac páirt sna seimineáir a réachtáladh in 2013 agus tá sé beartaithe ag an Oifig clár comhchosúil a réachtáil le linn 2014. I measc shochair an chláir a luaigh na rannpháirtithe in 2013 bhí na nithe seo a leanas:

- *“Tuisint a fháil ar cad a dhéanann an tOmbudsman do Leanaí agus conas a théitear i ngleic le fadhbanna agus conas a réitítear iad”*
- *“Chuir sé mé ar an eolas faoi na bealaí éagsúla ar féidir le duine obair ar son leanaí, bíodh sin go díreach nó go hindíreach ... Bhí sé go hiontach bheith in ann foghlaim faoi na córais tacaíochta éagsúla atá ar fáil”*
- *“cearta leanaí a nascadh lenár ról mar mhúinteoirí agus machnamh níos doimhne a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuilimid freagrach as leasa is fearr an linbh”*

Feachtas faisnéise do thuismitheoirí dealaithe agus a leanaí

“Níl tú i d’aonar. Níor chóir duit an locht a chur ort féin. Ná déan neamhaird de go bhfuil sé ag tarlú. Ní ortsa an locht agus tá grá ag do thuismitheoirí duit agus níl aon athrú tagtha air sin. Labhair le duine ina thaobh. Bíonn sé sin ina chabhair.”

Duine óg a roinn a dtuairimí leis an OCO

Le linn 2013, bhí comhoibriú ar leith ann leis na tSeirbhís Chúirteanna do chomhfheachtas faisnéise ag díriú ar thuismitheoirí dealaithe agus a leanaí. Ba é aidhm an fheachtais sin feasacht a spreagadh i measc tuismitheoirí dealaithe agus a leanaí faoi imeachtaí cúirte sna Cúirteanna Dúiche agus faoi na roghanna eile atá ann in ionad na Cúirte ó thaobh idirghabháil teaghlaigh de.

Ó bunaíodh an Oifig sa bhliain 2004 i leith, ar na réimsí gearáin a chuireann tuismitheoirí, agus go minic na leanaí iad féin, faoi bhráid na hOifige, tá nithe a bhaineann le himeachtaí cúirte agus an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar leanaí, lena n-áirítear imeachtaí dlí teaghlaigh agus nithe a bhaineann le caomhnóireacht, le rochtain agus le cothabháil. Cé go bhfuil cinní ag eascairt ó na himeachtaí cúirte sin lasmuigh de shainchúram imscrúdaitheach na hOifige, is mian leis an Oifig an méid cabhrach agus is féidir a sholáthar ina leith. Ba chúis áthais é don Oifig tabhairt faoi chomhthionscnamh leis an tSeirbhís Chúirteanna de réir a dhualgais faoi Alt 7 d’Acht 2002 chun feasacht a spreagadh i measc an phobail, lena n-áirítear leanaí, faoi chúrsaí a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus chun forbairt beartas, cleachtas agus gnáthamh a spreagadh agus chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn.

Reáchtáladh comhairliúchán le raon leathan gairmithe a bhfuil taithí fhairsing acu de bheith ag obair le tuismitheoirí agus le leanaí sna cúinsí seo chun eolas a bhailiú d’obair a bhí ar bun ag an Oifig agus ag an tSeirbhís Chúirteanna chun dhá scannán faisnéise a chur ar fáil do thuismitheoirí dealaithe agus a leanaí. Cé go raibh sé dúshlánach go leor teagmháil dhíreach a bheith ann le tuismitheoirí agus leanaí a raibh taithí acu ar dhealú tuismitheora, d’éirigh leis an Oifig teagmháil a déanamh le roinnt tuismitheoirí agus foghlaim óna ndearcadh trí chúnamh a fháil ó roinnt seirbhísí tacaíochta agus trí chruinnithe díreacha a reáchtáil agus iarraidh orthu ceistneoir a chur i gcrích. Trí mheán an cheistneora ar líne, le cúnamh SpunOut.ie, bhailigh an Oifig dearcadh daoine óga, agus ba chúnamh ar leith na tuairimí a chuir siad in iúl chun faisnéis thábhachtach agus teachtaireachtaí a bhailiú i bhfoirm físeáin ó dhaoine óga.

Ba é ba chuspóir ag an dá scannán a chuir an Oifig agus an tSeirbhís Chúirteanna ar fáil ná daoine a chur ar an eolas, ar daoine iad nach raibh aon eolas ná taithí acu roimhe sin, ar imeachtaí dlí teaghlaigh nó ar roghanna eile ar an gcúirt a bhí ar fáil dóibh. Mar sin, tá sé beartaithe scannáin ghearra a sholáthar do thuismitheoirí agus daoine óga faoi seach a chuideodh leo ag tráth deacair sa saol acu. Chomh maith le heolas a sholáthar do thuismitheoirí agus do dhaoine óga faoi na próisis seo agus faoi na seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta atá ar fáil dóibh, meastar go mbeidh na scannáin ina n-acmhainn luachmhar do ghairmithe – mar shampla d’aturnaetha, d’idirghabhálaithe agus do chomhairleoirí – a bhíonn ag obair le thuismitheoirí dealaithe agus a leanaí.

Sheol an tOmsudsman do Leanaí agus Uachtarán na Cúirte Dúiche An Breitheamh Rosemary Horgan dhá scannán ar DVD dar teideal *Separating the Options*, i mí Feabhra 2014. Tar éis ócáid an tseolta scaipeadh an DVD sna Cúirteanna Dúiche sa tír, áit ar féidir amharc air agus áit ar féidir le Foireann na Cúirte Dúiche é a úsáid chun feasacht a spreagadh i measc dlíthithe faoi choinneáil, faoi chaomhnóireacht, faoi rochtain agus faoi chothabháil. Scaipeadh an DVD freisin i measc gairmithe a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí dealaithe agus dá leanaí. Chomh maith leis sin, tá na scannáin ar fáil le hamharc orthu ar líne – ar shuíomhanna gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus an OCO (www.oco.ie agus www.courts.ie), áit a bhfuil eolas breise ar fáil faoin raon comhairle agus seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do thuismitheoirí agus do leanaí. I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáladh chun feasacht faoi na scannáin a spreagadh i measc thuismitheoirí agus daoine óga bhí póstaear faisnéise a scaipeadh ar na hIonaid Faisnéise do Shaoránaigh agus ar na leabharlanna poiblí ar fud na tíre. Ar na bealaí seo agus ar bhealaí eile, táthar ag súil go mbeidh an méid thuismitheoirí agus leanaí agus is féidir atá sa suíomh seo in ann iad féin a chur ar an eolas agus an deis a bheith acu féachaint ar na scannáin.

Taighde ar Nithe a Bhaineann le Cearta agus Leas Leanaí

Oideachas do Leanaí faoi chúram

I mí Bealtaine 2013, d’fhoilsigh an tOmbudsman do Leanaí torthaí taighde arna choimisiúnú ag an Oifig agus a rinne an ESRI agus an tIonad Taighde Leanaí, Coláiste na Tríonóide, faoi sholáthar oideachais do leanaí faoi chúram.

Rinne an Oifig coimisiúnú ar thaighde d’fhonn cur lenár dtuiscint ar thaithe oideachais leanaí faoi chúram agus chun na bealaí is fearr a aithint ar féidir leis an gcóras oideachais, i gcomhar le seirbhísí sláinte agus sóisialta, tacú le freastal agus coinneáil leanaí faoi chúram sa chóras oideachais.

Cé gur féidir le leanaí faoi chúram taithí an-dearfach a bheith acu sa chóras oideachais i gcás go gcuirtear na tacaí cuí ar fáil dóibh, luadh sa taighde a rinne ESRI/TCD go mbíonn dúshlán shuntasacha ann do leanaí faoi chúram agus iad i mbun a gcuid oideachais, lena n-áirítear constaicí breise, teip ar shocrúcháin, pleanáil agus athbhreithniú neamleor cúraim, agus easnaimh agus moill le measúnacht. I gcás go dtagann na dúshlán seo chun cinn, bíonn leanaí faoi chúram i mbaol fionraí, díbirt nó luathfhágáil scoile. Is féidir le hiarmhairtí díobhálacha láithreacha nó fadtéarmacha eascairt uaidh seo do leanaí.

I measc na dtorthaí lárnacha a d'eascair ón taighde seo bhí athbhreithniú litríochta, agallaimh le cinnteoirí agus cleachtóirí agus rannpháirt dhíreach le leanaí faoi chúram agus le cúramóirí óga, bhí teirce na sonraí atá ann i ndáil le taithí oideachais na leanaí faoi chúram in Éirinn. Bhí an t-eolas sin chomh tearc nárbh fhéidir próifíl cheart a chruthú de fheastal, rannpháirtíocht agus rátaí gnóthachála oideachais leanaí faoi chúram i gcomparáid le leanaí sa ghnáthphobal sa tír. Is constaic an t-easnamh sin do chinnteoirí fianaise-bhunaithe agus is gá dul i ngleic leis má táthar chun beartais, gnáthaimh agus cleachtais éifeachtacha a bhunú chun maolú ar na constaicí atá i mbealach leanaí faoi chúram tabhairt faoin oideachas. Chomh maith le modh a bhunú do bhailiú córasach sonraí sa réimse seo, tá an Oifig den tuairim go mbeadh sé go maith taighde fadama a réachtáil chun cur leis an tuiscint ar thaithí agus ar chonairí oideachais leanaí faoi chúram. I bhfianaise an líon beag leanaí faoi chúram (6,462 amhail mí na Nollag 2013) i gcoibhneas leis an daonra leanaí in Éirinn, bheadh an staidéar seo indéanta agus bheadh sé buntáisteach do chinnteoirí agus do chinntí faoi chleachtas amach anseo.

Chomh maith le béim a leagan ar an ngá atá ann sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh léirigh an staidéar go raibh roinnt réimsí ann inar ghá feabhas a chur ar thaithí oideachais leanaí faoi chúram. Ina measc bhí na réimsí seo a leanas:

- Comhphlean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn idirghníomhaireachta chun deiseanna oideachais a fheabhsú do leanaí faoi chúram;
- Faisnéis agus ábhair oiliúna a ullmhú a neartódh acmhainneacht i measc cúramóirí agus gairmithe leanaí faoi chúram ina gcuid oideachais;
- Roinnt cur chuige agus beart a chur i bhfeidhm i measc gairmithe oideachais agus cúraim ar féidir leo tacú go díreach agus go hindíreach le feastal, rannpháirt agus gnóthachtáil oideachais leanaí faoi chúram; agus
- Príomhshruthú a dhéanamh ar dheiseanna do leanaí faoi chúram, agus dá gcúramóirí, a dtuairimí a chur san áireamh i gcomhthéacs na cinnteoireachta ar nithe a théann i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear pleanáil do chúram agus próisis athbhreithniúcháin ar shaincheisteanna a bhaineann le hoideachas leanaí.

Tá súil ag an Oifig go gcuideoidh na torthaí agus moltaí ag eascairt ón taighde seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus iad ag ceapadh agus ag cur i bhfeidhm bearta ar bhonn comhoibritheach chun maolú ar na constaicí atá i mbealach leanaí faoi chúram rochtain a fháil ar oideachas.

Cúram Sláinte atá Inrochtana do Leanaí

An 20 Samhain 2013 – Lá Domhanda na Leanaí – d’fhoilsigh an tOmbudsman do Leanaí tuarascáil maidir le cúram sláinte a bheadh inrochtana do leanaí ag eascairt ón taighde arna choimisiúnú ag an Oifig agus a rinne an Coláiste Ollscoile Corcaigh thar ceann na hOifige.

Is é príomhaidhm an taighde a shainaithint conas is féidir cultúr a chothú de chúram sláinte atá inrochtana do leanaí ar fud réimse an chúraim sláinte a bhfreastalaíonn leanaí agus daoine óga orthu atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus atá ina gcónaí in Éirinn.


Ag tagairt do chaighdeáin idirnáisiúnta, agus go háirithe do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus do Threoirlíne na hEorpa um Chúram Sláinte atá Inrochtana do Leanaí, luadh má táthar chun cur chuige agus beartas maidir le cúram sláinte atá inrochtana do leanaí a réadú go mbeidh gá cearta cúram sláinte leanaí a réadú, a chosaint agus a chur chun cinn. I measc na gceart sin tá croíphrionsabail a bhaineann le cearta leanaí, is é sin nach ndéanfaí idirdhealú éagórach orthu, go gcuirfí a leasa is fearr san áireamh i ngach gníomh a bhaineann leo, agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh i ngach cinneadh a théann i bhfeidhm orthu. Tá feidhm ag a lán ceart eile leanaí faoin CNAEL i gcomhthéacs cúram sláinte leanaí, lena n-áirítear a gceart teagmháil rialta a bheith acu lena dtuismitheoirí mar bhfuil sé sin ag teacht salach ar a leas is fearr, a gceart chun príobháideachta, a gceart a bheith cosanta ó gach cineál díobhála, a gceart chun faisnéise, a gceart chun oideachais agus a gceart chun sosa, súgartha agus fóillíochta.

Sa taighde seo, rinneadh iniúchadh freisin ar conas a d’fhéadfaí cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint agus a chur i bhfeidhm i réimse an chúraim leanaí, ag tagairt do thionscnaimh atá á gcur i bhfeidhm i ndlínsí eile, forbairtí a tharla le déanaí sa reachtaíocht agus sa bheartas poiblí in Éirinn, taithí dhoiciméadaithe leanaí ar na seirbhísí cúram sláinte agus ar chleachtais i measc gairmithe sláinte.

Sa taighde sainaithear roinnt ‘bloic thógála’ thábhachtacha do chur chun cinn cúram sláinte leanaí in Éirinn. Ina measc tá siad seo:

- Beartas tiomnaithe náisiúnta a fhorbairt maidir le cúram sláinte atá inrochtana do leanaí;
- Caighdeáin de chearta leanaí a shocrú do réimse an chúraim sláinte;
- Feasacht a spreagadh i measc tuismitheoirí agus leanaí agus oiliúint a chur ar ghairmithe cúram sláinte faoi chearta leanaí sa chúram sláinte;
- Anailís a dhéanamh ar chleachtais reatha in Éirinn ag féachaint le béim a leagan ar chleachtais mhaithe agus na cleachtais sin a roinnt;
- Cur chuige comhoibritheach, comhordaithe a ghlacadh lena n-áirítear ceannaireacht ar leibhéal éagsúla den chóras cúram sláinte agus laistigh de réimsí éagsúla cúraim sláinte chomh maith le plé cuiditheach a áireodh gairmithe cúraim sláinte leanaí agus a dtuismitheoirí/a gcúramóirí; agus
- Príomhshruthú a dhéanamh ar rannpháirt leanaí agus a dtuairimí a chur san áireamh agus é seo a bheith ina chroíluch de chóras cúraim sláinte na hÉireann.

Tá sé beartaithe ag an Oifig seo tionscnamh píolótach a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le linn 2014 a thógfaidh ar thorthaí an taighde seo agus a dhíreoidh ar chleachtais mhaithe a shainaithint agus a chur chun cinn sa chúram sláinte a thacaíonn le leanáí laistigh de réimse an chúraim sláinte.



Ombudsman for Children
Millennium House
52-56 Great Strand Street
Dublin 1.

Phone 01 865 6800
Complaint line 1800 20 20 40
Email oco@oco.ie
Web www.oco.ie

Ombudsman do Leanaí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1.

Guthán 01 865 6800
Líne ghearáin 1800 20 20 40
R-phost oco@oco.ie
Gréasán www.oco.ie

